

clogad



páirc



luascáin

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cén fáth a gcaitheann na páistí clogad, dar leat?

**Tasc 2:**
Aimsigh 5 fhocal nó 5 fhrása a chiallaíonn **ar fheabhas**.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

16 Mo Chairde

Foilseachán de chuid CCEA © 2015

CCEA Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Taisce Tuisceana



## Mo Chairde

# Mo Chairde

Is mise Máire agus tá a lán cairde agam. Feicim mo chairde gach lá. Siúlaimid ar scoil le chéile gach maidin. Bímid i gcónaí ag súgradh le chéile. Tá mo chairde an-deas agus cineálta. Tá siad an-chabhrach freisin.

Is breá linn bheith ag súgradh taobh amuigh. Téimid amach ar na rothair. Tá rothar ag gach duine againn. Caitheann gach duine againn **clogad**. Uaireanta, bíonn cead againn dul go dtí an siopa ar na rothair.

Ag deireadh na seachtaine, téimid go dtí an linn snámha. Téimid sa charr le mo mhamaí. Tá **páirc** ann freisin. Má bhímid réidh in am, téimid isteach ann. Bíonn an-spórt againn. Dé Sathairn seo caite, tháinig mo dhaidí linn go dtí an pháirc. Bhí sé in ann muid a bhrú go hard ar na **luascáin**. Bhí sé ar fheabhas! Is breá liom bheith le mo chairde.



# Ceisteanna

**1. Cad a dhéanann na páistí seo gach maidin?**
(a) Téann siad ar scoil le chéile
(b) Bíonn siad ag obair
(c) Téann siad ag siopadóireacht

**2. Tá cairde Mháire:**
(a) an-dána.
(b) an-mhaith.
(c) an-torannach.

**3. Cad a chaitheann na páistí nuair a bhíonn siad ar na rothair?**
(a) Cóta
(b) Clogad
(c) Mála

**4. Cad a dhéanann na cairde ag deireadh na seachtaine?**
(a) Téann siad ag snámh
(b) Téann siad ag scátáil
(c) Féachann siad ar an teilifís

**5. Cad a rinne siad Dé Sathairn seo caite?**
(a) Chuaigh siad go dtí an phictiúrlann
(b) Chuaigh siad go dtí na siopaí
(c) Chuaigh siad go dtí an pháirc

**6. Cad é príomhábhar an scéil seo?**
(a) Rothaíocht
(b) Cairde Mháire
(c) An scoil